Prós Ainmnithe

Clare sa Spéir

Ceist Scrúdaithe

"Tá an greann go mór in uachtar sa ghearrscannán, **CLARE SA SPÉIR,** ach pléitear téama réalaíoch ag an am céanna." Pléigh fírinne an ráitis seo.

Freagra Samplach

Aontaím leis an ráiteas seo. Féachaimis ar dtús ar an ngreann atá sa scannán seo. Nuair a thug Clare an crann uirthi féin, bhain sí an-gháirí asam. Rinne sí é seo mar bhí sí tinn tuirseach de na páistí. Ní raibh ar siúl acu ach troid is argóint agus is beag cabhair a thug siad di leis an obair tí. Bhí sí spréachta freisin lena fear céile Eoin mar níor thug sé tacaíocht ar bith di. Níor oscail sé a bhéal nuair a bhí Joe agus Kevin ag troid faoi irisleabhar le linn an bhricfeasta. Bhí Méabh ag argóint le Sinéad agus fós féin, ní dúirt sé a dhath. Bhí Lisa, an cailín is sine, uafásach mímhúinte nuair a sciob sí canta aráin ó Shinéad ach bhí Eoin róthógtha lena raibh sa nuachtán. Is léir freisin ón gcéad radharc den scannán nach raibh an gaol pósta mar ba chóir nuair a d'imigh Eoin chun na hoibre gan slán ceart a fhágáil lena bhean.

Baineadh geit mhór as Eoin agus as na páistí nuair a thuig siad go raibh Clare ar stailc agus ní stailc lae a bhí i gceist. Bhí beartaithe aici curiarracht dhomhanda a bhaint amach agus chuige seo, bhí ar intinn aici dhá lá is tríocha a chaitheamh in airde ar an gcrann! Tá greann ag baint leis seo. Bhí sí chun ceacht a mhúineadh dá fear agus dá páistí ag an am céanna. Bheadh sos aici ó chúraimí an tí. Baineadh gáirí asam nuair a chonaic mé Eoin ag iarraidh í a mhealladh anuas. Dúirt sé le Clare go mbeadh uirthi dul chuig an leithreas. Dúirt sé ansin nach bhfeicfeadh sí an sobaldhráma *Coronation Street*. D'ardaigh sé fuaim na teilifíse nuair a thosaigh an clár seo ach d'ardaigh Clare fuaim an raidió mar fhreagra air!

Ansin rinne Eoin ar an teach ósta chun faoiseamh éigin a fháil. D'ólfadh sé pionta Guinness ach ní faoiseamh a bhí i ndán dó. Bhí fógra faoi eachtraí a mhná céile ar an mballa. *"OUT OF HER TREE"* a bhí mar theideal air agus bhí geallta á gcur ag na custaiméirí faoi cé chomh fada is a d'fhanfadh Clare in airde sa chrann. Níor fhan Eoin bocht i bhfad sa teach tábhairne. Feicimid Eoin freisin i mbun cócaireachta. Ispíní agus sceallóga prátaí a bhí mar dhinneár cúig lá as a chéile! Bhí an fear bocht ag saothrú an tsaoil ach níor ghéill Clare. D'fhan sí thuas ar an gcrann ar feadh dhá lá is tríocha agus bhí sí cinnte go raibh curiarracht nua dhomhanda bainte amach aici ach bhí dul amú uirthi Bhí **bliain is tríocha** caite ag fear craiceáilte éigin in airde ar chrann agus bhí sé fós thuas ann. Is léir mar sin go bhfuil neart eachtraí grinn sa scannán seo.

Prós Ainmnithe

Pléitear téama réalaíoch chomh maith. D'airigh Clare nach raibh inti ach sclábhaí nó searbhónta. Bhraith sí nach raibh meas ag na páistí uirthi. Ní raibh sí sásta ach oiread le hiompar a fir chéile Eoin. Sa chéad radharc den scannán bhí i bhfad níos mó spéise ag Eoin sa nuachtán ná mar a bhí aige ina bhean chéile agus bhí sé dall ar fad ar iompar na bpáistí. Bhí Clare tuirseach díobh ar fad. B'éigean di cúraimí uile an tí a dhéanamh. Thuig sí go raibh uirthi rud éigin neamhghnách a dhéanamh chun iad a dhúiseacht. Sílim gur éirigh go maith léi. Cheap Eoin go raibh sí craiceáilte ach thuig sé i ndiaidh dhá lá is tríocha go raibh sé fós i ngrá leis an mbean chraiceáilte seo. Is fíor go bhfuil an greann go mór chun tosaigh sa scannán seo agus is fíor freisin go bpléitear téama réalaíoch ag an am céanna.